



## ARDOIDEACHAS

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, cinntear na beartais ardoideachais ar leibhéal na mBallstát aonair. Dá bhrí sin, is ról tacaíochta agus comhordaithe go príomha atá i ról an Aontais. Ar na príomhchuspóirí a ghabhann le gníomhaíocht an Aontais i réimse an ardoideachais tá soghluaisteacht mac léinn agus teagascóirí a spreagadh, aitheantas frithpháirteach do dhioplómaí agus do thréimhsí staidéir a chothú, comhar idir institiúidí ardoideachais a chur chun cinn agus cianoideachas (ollscoile) a fhorbairt.

## BUNÚS DLÍ

Aithníodh oideachas – agus sa chomhthéacs seo ardoideachas freisin – mar réimse inniúlachta de chuid AE i gConradh Maastricht 1992. Níor athraigh Conradh Liospóin na forálacha maidir le ról AE in oideachas agus oiliúint (Teideal XII, Airteagal 165 agus Airteagal 166). Sonraítear in Airteagal 165(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go ‘rannchuideoidh an tAontas le hoideachas de chaighdeán a fhorbairt tríd an gcomhar idir Ballstáit a chothú agus, más gá, trí thacú lena ngníomhaíocht agus í a fhorlíonadh, agus freagracht na mBallstát i leith inneachar an teagaisc agus eagrúchán an chórais oideachais agus a n-éagsúlacht chultúrtha agus teanga á hurramú aige’. In Airteagal 165(2) CFAE, deirtear gurb é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais ná ‘taobhú le soghluaisteacht mac léinn agus múinteoirí, lena n-áirítear aitheantas acadúil dioplómaí agus tréimhsí staidéir; comhar a chur ar aghaidh idir bunaíochtaí oideachais; agus malartuithe faisnéise agus taithe a fhorbairt ar shaincheisteanna is coiteann do chórais oideachais na mBallstát’.

Sa bhreis air sin, tá foráil i gConradh Liospóin ar féidir cur síos a dhéanamh uirthi mar ‘chlásal sóisialta’ cothrománach. Sonraítear in Airteagal 9 CFAE: ‘Agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, tabharfaidh an tAontas aird ar na ceanglais atá nasctha le [...] hardleibhéal oideachais [agus] oiliúna (a chur chun cinn)’.

Thairis sin, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a bhfuil an stádas dlí céanna leis na Conarthaí (Airteagal 6 CAE) aici, sonraítear an méid seo a leanas: ‘Tá ag gach duine an ceart chun oideachais’ (Airteagal 14).



## CUSPÓIRÍ

### A. Cuspóirí de bhun Chonarthaí an Aontais Eorpaigh

Bunaithe ar thiomantas fadtéarmach AE foghlaim ar feadh an tsaoil agus soghluaisteacht a thabhairt chun fáire, feabhas a chur ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht oideachais agus oiliúna, agus cur le cruthaitheacht agus nuálaíocht, liostaítear go sonrath in Airteagal 165(2) CFAE cuspóirí an Aontais i réimse an oideachais, na gairmoiliúna, na hóige agus an spóirt. Tá ábharthacht ar leith ag na haidhmeanna seo a leanas le réimse an ardoideachais:

- Éirim Eorpach a fhorbairt san oideachas;
- Taobhú le soghluaisteacht mac léinn agus múinteoirí, lena n-áirítear aitheantas acadúil dioplómaí agus tréimhsí staidéir;
- Comhar a chur ar aghaidh idir bunaíochtaí oideachais;
- Malartuithe faisnéise agus taithí a fhorbairt ar shaincheisteanna is coiteann do chórais oideachais na mBallstát;
- Forbairt an chianoideachais a chothú.

### B. Na tosaíochta reatha san oideachas agus oiliúint

Tá spéis pholaitiúil ar an leibhéal Eorpach san ardoideachas múscaillte ag an straitéis dar teideal [Eoraip 2020 \(COM\(2010\) 2020\)](#). Dírithe isteach ar fhás atá 'cliste', 'inbhuanaithe' agus 'cuimsitheach', tá spriocanna Eoraip 2020 le gnóthú trí infheistíocht níos éifeachtaí in oideachas, i dtaighde agus i nuálaíocht. I measc na bpríomhspríocanna tá méadú as cuimse ar líon na ndaoine óga a chríochnaíonn oideachas tríú leibhéal (40 % ar a laghad de dhaoine 30-34 bliana d'aois faoi 2020). Baineadh an sprioc uailmhianach sin amach in Aibreán 2019. Leagadh amach é roimhe sin sa 'Chreat Straitéiseach le haghaidh Comhar Eorpach san Oideachas agus san Oiliúint' (ET 2020), arna ghlacadh ag an gComhairle Eorpach i mí Bealtaine 2009<sup>[1]</sup>. Sa bhreis ar thionscnaimh pholaitiúla na mBallstát féin, tá an tAontas ag tacú go gníomhach leis na tosaíochtaí atá i bPróiseas Bologna, atá in úsáid ó tugadh isteach é i 1999 chun córais ardoideachais níos inchomparáide, níos comhoiriúnaí agus níos comhleanúnaí a bheith san Eoraip agus arb é a tháinig as ná Limistéar Eorpach an Ardoideachais (LEAO) a chruthú le Dearbhú Chomhdháil Aireachta Bhúdaipeist-Vín i Márta 2010.

In 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún 'Clár oibre athnuaithe de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas' ([COM\(2017\) 0247](#)). Dírionn sé isteach ar cheithre réimse tosaíochta:

- Scileanna forbartha san ardoideachas a ailíniú le riachtanais an mhargaidh saothair;
- A chinntiú go mbeidh rochtain fhorleathan ar an ardoideachas, go mbeidh sé níos cuimsithí agus go méadófar an fhor-rochtain shochoaíoch atá aige;

---

[1] IO C 119, 28.5.2009, lch. 2.



- Borradh a chur faoi acmhainneacht nuálaíochta an ardoideachais;
- Éifeachtúlacht agus éifeachtacht an ardoideachais a mhéadú.

I mí na Bealtaine 2018, tar éis Chruinniú Mullaigh Göteborg, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Eoraip níos láidre a thógáil: an ról atá ag beartais maidir le daoine óga, oideachas agus cultúr' (COM(2018) 0268). Tugann an doiciméad seo tuairisc ar fhís an Choimisiúin i dtaobh Limistéar Eorpach an Oideachais a fhorbairt, lena n-áirítear:

- Clár neartaithe do Erasmus+;
- Fiche Ollscoil Eorpach ar a laghad a chruthú faoi 2024. Ba cheart go rannchuideodh sé seo le céimeanna Eorpacha a bheith ann, ar céimeanna iad a mbeadh aitheantas acu ar fud na hEorpa;
- Cárta Mic Léinn Eorpach a chruthú chun soghluaisteacht a éascú;
- Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle lena gcuirtear chun cinn aitheantas frithpháirteach uathoibríoch dioplómaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus torthaí tréimhsí foghlama thar lear (COM(2018) 0270).

## A BHFUIL BAINTE AMACH

### A. Erasmus+

Glacadh an clár seo go foirmiúil i mí na Nollag 2013<sup>[2]</sup> agus tá sé á chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2014. Is é an aidhm lárnach atá ag Erasmus+ ná infheistíocht a dhéanamh in oideachas, oiliúint óige agus spórt na hEorpa trí chlár lánpháirtithe aonair. Tugann Erasmus+ le chéile beartais earnálacha agus tras-earnálacha a bhí deighilte ó chéile roimhe seo sa Chlár um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (CFFS, 2007-2013) i réimsí an ardoideachais (Erasmus, Erasmus Mundus, Tempus, cláir dhéthaobhacha le tíortha nó mór-ranna eile), an mheánoideachais (Comenius), an ghairmoideachais agus oiliúna (Leonardo da Vinci), an oideachais aosaigh (Grundtvig), na hóige (An tAos Óg i mBun Gníomhaíochta), agus an Léinn um Lánpháirtíú na hEorpa (Jean Monnet). Sa bhreis air sin, tá spórt curtha san áireamh anois den chéad uair. Tá buiséad de EUR 14 billiún ag Erasmus+, agus is féidir leis an gcomhar a bheith ann i measc na mBallstát agus idir Ballstáit agus tríú tíortha. Tá sé mar aidhm le Erasmus+ athstruchtúrú agus sruthlíniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le trí 'Phríomhghníomhaíocht' a réimsíonn na hearnálacha atá mar sprioc ag an gclár:

- Soghluaisteacht foghlama do dhaoine aonair;
- Comhar sa nuálaíocht agus i malartú dea-chleachtas;
- Tacaíocht d'athchóiriú beartas.

Laistigh de struchtúr forghabhálach Erasmus+, tá ról lárnach ag an ardoideachas. Tá íosmhéid de 33.3% de bhuiséad iomlán Erasmus+ curtha i leataobh don ardoideachas. Meastar go mbeidh dhá mhilliún mac léinn ardoideachais páirteach i gcláir shoghluaisteachta don tréimhse ó 2014 go 2020. Ní hé amháin go dtacaíonn Erasmus+ le soghluaisteacht mac léinn agus teagascóirí san ardoideachas, ach is tríd

[2] IO L 347, 20.12.2013, lch. 50.



an gclár sin freisin a chuirtear cistí ar fáil do Chomhchéimeanna Máistreacht Erasmus Mundus agus d'Íasachtaí Máistreacht Erasmus+.

Rinne an Coimisiún Eorpach a thogra maidir le clár a thiocfaidh i gcomharbacht air (2021-2027) a eisiúint i mí Bealtaine 2018 ([COM\(2018\) 0367](#)). Níl aon athrú suntasach tagtha ar struchtúr foriomlán an chlár, lena n-áirítear na trí 'Príomhghníomhaíochtaí' a bunaíodh cheana faoi Erasmus+. Tá sé molta, áfach, an buiséad a mhéadú faoi dhó go EUR 30 billiún, i gcomparáid le clárthréimhse 2014-2020. Beidh roinnt tionscnamh nua sa chlár, amhail beartas na nOllscoileanna Eorpacha thuasluaite a chur chun feidhme. Rinne an Pharlaimint an togra a leasú agus a fhorghnó i mí Bealtaine 2019.

## **B. Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MSCA)**

Tacaíonn MSCA, ar cuid é de Chreatchlár AE 2014-2020 ('Fís 2020') le haghaidh taighde agus nuálaíochta, le hoiliúint taighde agus forbairt gairme atá dírithe ar scileanna nuálaíochta. Déanann an clár cistiú ar shoghluaisteacht dhomhanda agus thrasearnálach trína ndéantar scoth an taighde i réimse ar bith a chur chun feidhme. Maidir leis an ardoideachas, spreagann deontais MSCA soghluaisteacht thrasnáisiúnta, idir-earnálacha agus idirdhisciplíneach. Tá MSCA ar an bpríomhchlár de chuid an Aontais le haghaidh oiliúint dochtúireachta agus é ag maoiniú 25 000 PhD agus tionscadal taighde iardhochtúireachta. Sa bhreis ar shoghluaisteacht idir tíortha a chothú, tá sé mar aidhm leis an gclár freisin na bacainní idir an earnáil acadúil agus earnálacha eile, go háirithe gnó, a threascairt – bídís sin ina mbacainní iarbhír nó ina mbacainní samhla. Cuireann sé cistiú ar fáil freisin le haghaidh [Oíche Thaighdeoirí na hEorpa](#), sraith d'imeachtaí poiblí a bhíonn ar siúl ar fud na hEorpa gach bliain ar an gceathrú Aoine de Mheán Fómhair chun obair na dtaighdeoirí a chur chun cinn. Níor cheart go n'athrófaí MSCA go mór le Creatchlár AE nua le haghaidh taighde agus nualaíochta 2021-2027 ('Fís Eorpach').

## **RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA**

I bhfianaise a theoranta atá inniúlachtaí AE i réimse an ardoideachais, is é an ról a bhí ag Parlaimint na hEorpa, go príomha, ná dlúthchomhar idir na Ballstáit a chothú agus an éirim Eorpach a neartú aon uair ab fhéidir. A bhuíochas don tábhacht pholaitiúil mhéadaitheach leis na deicheadanna de bhlianta anuas, d'éirigh leis an bParlaimint tionchar méadaithe a bheith aici ar mhúnú na mbeartas ardoideachais san Eoraip.

### **A. Soghluaisteacht**

Shaothraigh an Pharlaimint go rathúil agus go leanúnach chun an buiséad atá ar fáil do na cláir reatha i réimse an ardoideachais, lena n-áirítear Erasmus+, a mhéadú agus bhí ról lárnach aici ó thaobh thosaíochtaí mhaoiniú AE i gcreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 a aistriú sa mhéid go bhfuil an caiteachas faoin gclár sin anois ina chaiteachas a mheastar a bheith dírithe níos fearr ar an todhchaí – agus tá réimse an ardoideachais á chomhaireamh ansin freisin. I mí Feabhra 2017, ghlac sí rún ar Erasmus+<sup>[3]</sup>, ina ndéantar anailís ar na chéad bhlianta de chur chun feidhme an chlár, ina gcuirtear béim ar na nithe a raibh rath orthu agus ina moltar athruithe chun feabhas a chur ar an dara cuid den chreatchlár ilbhliantúil. Do chéad glúin eile an chlár Erasmus

---

[3]IO C 252, 18.7.2018, lch. 31.



+, tá sé molta ag an bParlaimint an buiséad a mhéadú faoi thrí go EUR 41 bhilliún, rud a cheadódh níos mó mac léinn a bheith rannpháirteach agus níos mó cuimsitheachta. Chuir an Pharlaimint béim ar an ngá le comhar níos fearr le cláir chistiúcháin Eorpacha eile agus le cómhaoiniú ar ghníomhaíochtaí nach bhfuil á gcistiú ag Erasmus+<sup>[4]</sup> faoi láthair. I gcás nach ndéanfar margadh maidir le Brexit, bhí ról lárnach ag an bParlaimint cearta agus reachtanna daoine óga atá ag glacadh páirt i gcláir Erasmus + faoi láthair a chinntiú<sup>[5]</sup>.

## B. Nasc leis an bhfostaíocht

I gcaitheamh na mblianta, bhí spéis i gcónaí ag an bParlaimint sa nasc atá idir an t-ardoideachas agus an fhostaíocht. In 2010, ghlac an Pharlaimint rún dar teideal 'Idirphlé Gnó na nOllscoileanna: Comhpháirtíocht nua chun ollscoileanna na hEorpa a nuachóiriú'<sup>[6]</sup>, inar iarradh go mbeadh idirphlé ann idir institiúidí ardoideachais (IOOnna) agus gnólachtaí i ngach réimse staidéir agus inar meabhraíodh an tábhacht atá le foghlaim ar feadh an tsaoil, le taighde a cothú agus le dea-chleachtais a chomhroinnt. In 2012, ghlac an Pharlaimint rún ar nuachóiriú chórais ardoideachais na hEorpa<sup>[7]</sup>, inar iarradh ar IOOnna foghlaim ar feadh an tsaoil a lánpháirtiú ina gcuraclaim arís eile, oiriúnú do dhúshlán nua trí réimsí nua staidéir a chruthú atá mar léiriú ar riachtanais an mhargaidh saothair agus comhionannas inscne a chur chun cinn san ardoideachas. Sa rún sin, d'áitigh an Pharlaimint freisin gur cheart go sroichfeadh na Ballstáit an sprioc de 2 % de OTI a infheistiú san oideachas. Ag leanúint as teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2017 maidir le clár oibre athnuaithe de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas ([COM\(2017\) 0247](#)), ghlac an Pharlaimint, an 12 Meitheamh 2018, rún ar nuachóiriú an oideachais in AE<sup>[8]</sup>. I dtaca leis an ardoideachas, iarrann an rún seo go gcruthófaí Limistéar Eorpach an Oideachais agus spreagann sé na Ballstáit le tuilleadh a infheistiú san ardoideachas agus comhar idir an t-ardoideachas, an saol oibre, an tionscal, pobail taighde agus an tsochaí ina hiomláine a chothú.

## C. Próiseas Bologna

Is fada an lá spéis léirithe ag an bParlaimint i gcomhdhlúthú agus dul chun cinn Phróiseas Bologna. In 2012, ghlac sí rún<sup>[9]</sup> inar cuireadh béim ar an tábhacht a bhí le hathchóirithe Bologna chun go bhféadfaí Limistéar Eorpach an Ardoideachais (LEAO) a bhunú agus do na cuspóirí a bhí leagtha síos sa straitéis Eoraip 2020.

In 2015, rinne an Pharlaimint plé ar chur chun feidhme Phróiseas Bologna<sup>[10]</sup>. Mheas na Feisirí go raibh athchóirithe Bologna tar éis rannchuidiú le feabhas a chur ar cháilíocht na gcóras oideachais agus ar a tharraingtí a bhí an t-ardoideachas san Eoraip. Le Próiseas Bologna freisin bhíothas in ann comparáid níos fearr a dhéanamh idir struchtúir ardoideachais, rud a chruthaigh córais dearbhaithe cáilíochta le haghaidh aitheantas a thabhairt do dhioplómaí.

---

[4]Téacsanna arna nglacadh, P8\_TA(2019)0324.

[5]Téacsanna arna nglacadh, P8\_TA(2019)0167, Leanúint ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama atá ar siúl faoi chlár Erasmus+ i gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

[6]IO C 161 E, 31.5.2011, Ich. 95.

[7]IO C 258 E, 7.9.2013, Ich. 55.

[8]Téacsanna arna nglacadh, [P8\\_TA\(2018\)0247](#).

[9]IO C 251 E, 31.8.2013, Ich. 24.

[10]IO C 346, 21.9.2016, Ich. 2.



In Aibreán 2018, ghlac an Pharlaimint rún ar chur chun feidhme Phróiseas Bologna<sup>[11]</sup>. D'iarr sí go dtabharfadh an chéad Chomhdháil Aireachta eile ar LEAO, a bhí le comóradh i bPáras in 2018, measúnú criticiúil ar an bpróiseas. Cuireadh béim sa rún ar an ngá atá le feabhas a chur ar ghné shóisialta an oideachais, agus go mbeadh deiseanna nithiúla ann chun go mbeadh rochtain ar ardoideachas ag mic léinn faoi mhíchumas agus mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Mhol sí go mbunófaí sásraí inrochtana agus cothromasacha le haghaidh leithdháileadh deontas agus liúntas soghluaisteachta. D'iarr sí freisin go méadódh AE agus na Ballstáit a gcuid buiséad oideachais chun go bhféadfaí talamh slán a dhéanamh de go mbeadh ardoideachas poiblí saor in aisce agus inrochtana ag cách.

Pierre Hériard / Audrey Marti  
05/2019

---

[11]Téacsanna arna nglacadh, [P8\\_TA\(2018\)0190](#).

